

An tÚdarás Eorpach Saothair

Rialacha maidir le hUaireanta Tiomána agus le hUaireanta Scíthe



Rialacha maidir le huaireanta scíthe



Tréimhse scíthe laethúil rialta

Maireann tréimhse scíthe laethúil 11 uair an chloig ar a laghad de ghnáth.

Is féidir é a roinnt ina dá thréimhse:

1. tréimhse amháin 3 uaire an chloig ar a laghad gan bhriseadh; agus
2. tréimhse amháin 9 n-uaire an chloig ar a laghad gan bhriseadh.

Tréimhse scíthe laethúil laghdaithe

Níos lú ná 11 uair an chloig ach 9 n-uair an chloig ar a laghad. Is féidir uasmhéid de thrí thréimhse scíthe laethúla laghdaithe a ghlacadh idir aon dá thréimhse scíthe sheachtainiúla.

Ní mór tréimhse scíthe laethúil a bheith déanta agat laistigh de 24 uair an chloig tar éis dheireadh na tréimhse scíthe laethúla nó seachtainiúla roimhe sin.

Cuirtear tús le tréimhse nua 24 uair an chloig nuair a chuireann tú tús leis an obair arís tar éis tréimhse scíthe cáilithe laethúla nó seachtainiúla.

Scíth laethúil i gcás tiománaithe iomadúla

Laistigh de 30 uair an chloig ó dheireadh na tréimhse scíthe laethúla nó seachtainiúla, ní mór tréimhse scíthe laethúil nua 9 n-uaire an chloig a bheith glactha agat más ag obair le tiománaithe iomadúla atá tú.

Baineann sé sin le gach tiománaí.

Scíth sheachtainiúil

Is é 45 uair an chloig ar a laghad tréimhse scíthe sheachtainiúil rialta. Is é 24 uair an chloig ar a laghad tréimhse scíthe sheachtainiúil laghdaithe ach níos lú i gcónaí ná 45 uair an chloig.

Ní mór tús a chur leis an scíth sheachtainiúil tráth nach déanaí ná 144 uair an chloig (6 x 24 uair an chloig) tar éis na tréimhse scíthe sheachtainiúla roimhe sin.

In 2 sheachtain seasta as a chéile (Luan go Domhnach) ní mór duit an méid seo a leanas ar a laghad a ghlacadh:

- dhá thréimhse scíthe rialta (íosmhéid 45 uair an chloig sa dá thréimhse; nó
- tréimhse scíthe sheachtainiúil rialta amháin (45 uair an chloig ar a laghad) agus tréimhse scíthe sheachtainiúil laghdaithe amháin (24 uair an chloig ar a laghad).

Má ghlacann tú an tréimhse scíthe sheachtainiúil laghdaithe, ní mór an laghdú a chúiteamh trí thréimhse choibhéiseach scíthe en bloc a ghlacadh atá ceangailte le tréimhse scíthe eile 9 n-uaire an chloig ar a laghad roimh dheireadh an tríú seachtain, tar éis na seachtaine inar tharla an laghdú.

Rialacha maidir le huaireanta tiomána

Uaireanta tiomána laethúla

9 n-uair a chloig ar a mhéid. Is féidir dul thar 9 n-uair an chloig, ach gan níos mó ná faoi dhó sa tseachtain agus sa chás sin suas go dtí uasmhéid de 10 n-uair an chloig.

Tiomáint sheachtainiúil/choicisiúil

56 uair a chloig ar a mhéad i seachtain amháin. Gan níos mó ná 90 uair an chloig thar dhá sheachtain.

Sos

Tar éis duit tiomáint ar feadh 4.5 uair an chloig, ní mór duit sos 45 nóiméad a ghlacadh (seachas sa chás go nglacann tú tréimhse scíthe).

Is féidir sos a roinnt ina dhá chuid agus ní mór é a ghlacadh le linn na tréimhse tiomána 4.5 uair an chloig. Is féidir an sos a roinnt mar seo a leanas:

1. 15 nóiméad ar a laghad, don chéad chuid; agus
2. 30 nóiméad ar a laghad, don dara chuid.

Tugadh tuilleadh rialacha scíthe isteach leis an bPacáiste Soghluaisteachta ar an 20 Lúnasa 2020



Ní féidir leat do scíth sheachtainiúil a ghlacadh san fheithicil

- Ní mór do d'fhostóir íoc as lóistín oiriúnach ina bhfuil áiseanna dóthanacha codlata agus sláintíochta inar féidir leat do scíth a ligean.
- Ní mór do d'fhostóir cur ar do chumas fillleadh, laistigh de gach tréimhse 3 nó 4 seachtaine as a chéile (ag brath ar cé acu a bhí dhá scíth sheachtainiúla laghdaithe agat as a chéile), go ceann de na dhá áit seo a leanas chun do scíth sheachtainiúil rialta a ghlacadh:
 1. Ionad oibriúcháin d'fhostóra i mBallstát bunaíochta an AE ina bhfuil tú lonnaithe de ghnáth; nó
 2. D'áit chónaithe nuair nach ionann é agus áit bhunaíochta d'fhostóra.

Más tiománaí thú a oibríonn ar oibríochtaí iompar lasta idirnáisiúnta:

- Féadfaidh tú dhá thréimhse scíthe seachtainiúla laghdaithe as a chéile a ghlacadh thar lear, ar choinníoll go nglacfaidh tú ceithre thréimhse scíthe seachtainiúla ar a laghad in aon 4 seachtaine as a chéile;
- Ní mór dhá cheann ar a laghad de na tréimhsí scíthe sin a bheith ina dtréimhsí scíthe seachtainiúla rialta;
- Tar éis dhá thréimhse scíthe sheachtainiúla laghdaithe as a chéile ní mór do d'fhostóir do chuid oibre a eagrú ar bhealach a chuireann ar do chumas filleadh ar cheann de na láithreacha a luadh sa chuid roimhe seo (pointí 1. & 2.), sa tseachtain dár gcionn den ghnáth-thréimhse scíthe sheachtainiúil de níos mó ná 45 uair an chloig a ghlacadh mar chúiteamh;
- Ní mór an cúiteamh a ghlacadh díreach roimh an scíth rialta seachtainiúil sa tseachtain dár gcionn.

Bristeacha bád farantóireachta/traenach

Is féidir cur isteach ar thréimhse scíthe laethúil rialta nó ar thréimhse scíthe sheachtainiúil laghdaithe má tá tú in éineacht le feithicil a iompraítear ar bhád farantóireachta nó ar thraein.

- Ceadaítear uasmhéid de dhá bhriseadh, go ceann uair an chloig ar a mhéad san iomlán.

Le linn na tréimhse scíthe seachtainiúla laghdaithe seo, ní mór rochtain a bheith agat ar chábán codlata, ar bhunc nó ar leaba shuíocháin.

Ní bhaineann an eisceacht seo ach le tréimhsí scíthe seachtainiúla rialta más rud é go bhfuil an turas sceidealta go ceann 8 n-uair an chloig ar a laghad agus go bhfuil rochtain ag an tiománaí ar chábán codlata.

Níl cead agat cuid de do scíth sheachtainiúil rialta a chaitheamh san fheithicil sula dtéann tú ar bord agus/nó tar éis tuirlingt ón mbád farantóireachta/ón dtraein.

Trasbhealaí teorann

Ag tús do chéad stad, déan taifead de láimh ar shiombail na tíre a bhfuil tú ag dul isteach inti tar éis duit teorainn Bhallstát den AE a thrasnú.

Ní mór an chéad stad seo a bheith ag an áit stad is gaire agus is féidir ag an teorainn nó ina diaidh.

Má thrasnaíonn tú teorainn Bhallstát de AE ar bhád farantóireachta nó ar thraein, ní mór duit tú siombail na tíre a chur isteach ag an gcalafort nó ag an stáisiún teachta.

Suíomh tosaithe/deiridh laethúil

Ní mór duit siombail na dtíortha inar thosaigh agus inar chríochnaigh an tréimhse oibre laethúil a thaifeadadh.

Úsáid na laisce modha

Má bhaineann an rialachán maidir le huaireanta tiománaithe le haghaidh feithiclí lasta nó paisinéirí leat, ní mór duit an tacagraf a oibriú i gceart chun gach gníomhaíocht a thaifeadadh.

Tá feidhm ag an 'riail 12 lá' maidir le hiompar paisinéirí.

I gcúinsí áirithe, is féidir an tréimhse scíthe seachtainiúil a chur siar go dtí deireadh an 12ú lá i gcás tiománaithe atá ar thuras idirnáisiúnta aonair.

Má tá tacagraf analógach ar an bhfeithicil, níl feidhm ag an eisceacht seo.

Ba chóir scíth a ghlacadh mar seo a leanas:

- 45 uair ar a laghad roimh an turas;
- tréimhse scíthe rialta amháin agus tréimhse scíthe sheachtainiúil laghdaithe amháin ar a laghad as a chéile (69 uair an chloig), nó dhá thréimhse scíthe seachtainiúla rialta (45 uair + 45 uair), tar éis an turais.

Má ghlacann tú an tréimhse scíthe sheachtainiúil laghdaithe, ní mór an laghdú a chúiteamh trí thréimhse choibhéiseach scíthe a ghlactar en bloc atá ceangailte le tréimhse scíthe eile roimh dheireadh an tríú seachtain, tar éis dheireadh na tréimhse maolaithe.

Feithiclí ina bhfuil tiománaí amháin: má thiomáineann tú idir 22.00 agus 6.00, ní féidir leat tiomáint ach ar feadh 3 uair an chloig ar a mhéad gan sos a ghlacadh.





An tÚdarás Eorpach Saothair

Landererova 12, 811 09
An Bhrataisláiv - An tSlóvaic
info@ela.europa.eu

www.ela.europa.eu



Tá tuilleadh faisnéise ar fáil
ag Your Europe Portal

© An tÚdarás Eorpach Saothair, 2022

Níl an tÚdarás Eorpach Saothair (ELA) ná aon duine a ghníomhaíonn thar ceann ELA freagrach as úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis sa doiciméad seo.

Tá atáirgeadh údaraithe ar choinníoll go dtugtar admháil i leith an fhoinse.

Chun aon ghrianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart ELA a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

Cóirpcheart íomhánna: © iStock.com/Hilch

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022

Print ISBN 978-92-9464-280-6 doi:10.2883/802928 HP-08-22-101-GA-C

PDF ISBN 978-92-9464-260-8 doi:10.2883/54543 HP-08-22-101-GA-N